15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Mo Sheasamh Féin

Is iomaí athrú chun feabhais atá tarlaithe le 50 bliain anuas chun dul i dtreo Comhionannas Inscne in Éirinn.

Sa lá atá inniu ann, tá a lán de na cearta céanna ag cailíní agus mná is atá ag buachaillí agus fir. Mar sin féin, bíonn éagothroime i gceist fós. Is mó an seans gur post páirtaimseartha a bhíonn ag mná Éireannacha, is lú an méid airgid a thuilleann siad ná mar a thuilleann fir agus ní bhíonn an oiread ban ag obair i saol an ghnó is a bhíonn fir. Ar an meán, tuilleann mná 14% níos lú airgid ná mar a thuilleann fir sna poist chéanna. Is mó an seans freisin go ndéanfar fiúntas cailíní agus ban a mheas ar a ndealramh ná fiúntas na bhfear agus na mbuachaillí.

AR FUD AN DOMHAIN, AS MEASC NA NDAOINE AR FAD A TOGHADH CHUIG RIALTAIS NÁISIÚNTA, NÍ MNÁ IAD ACH 22% DÍOBH

Más é an uaillmhian atá againn go mbeidh an ionadaíocht chéanna ag mná sna poist sin is a bhíonn ag fir faoi 2030, tá bóthar fada romhainn!

Féach ar na cineálacha poist thíos. Is poist pholaitiúla cuid acu agus is poist iad cuid eile acu atá ag daoine i do phobal féin. Léigh na teidil éagsúla phoist agus cuir tic leo más 'jab mná' nó 'jab fir' atá i gceist. Mura bhfuil an freagra ar eolas agat, iarr cabhair ar dhuine fásta sa bhaile.

15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Mo Sheasamh Féin

Cineál Gairme	Fear	Bean
Feirmeoir i mo cheantar féin (nó feirmeoir a bhfuil aithne ag mo theaghlach air nó uirthi)		
Príomhoide scoile		
Cóitseálaí na foirne spóirt is fearr liom (nó foireann spóirt is maith le do thuismitheoirí)		
Mo mhúinteoir		
Mo dhochtúir		
Uachtarán na hÉireann		
An Taoiseach		
Mo chomhairleoir áitiúil		
Iomlán		

1. Cé mhéad post thuas ar chuir tú tic leis mar phost a bheadh ag 'Fear'? _____

2. Cé mhéad post thuas ar chuir tú tic leis mar phost a bheadh ag 'Bean'? _____

3. Ar chuir sé sin iontas ort? Cén fáth ar chuir, nó cén fáth nár chuir?

_____

_____

4. Cé na poist ar an liosta seo a mbíonn claonadh ag daoine smaoineamh orthu mar phoist do bhuachaillí nó poist do chailíní?

_____

_____